

## ❖ An Lúibín ❖

15 Samhain 2004



### **An teanga eile**

*English is every Irish speaker's other language, and the second or third language of multitudes elsewhere. But in Asia its future no longer seems so bright.*

Sa 17ú haois is beag duine a raibh Béarla aige, go fiú sa Bhreatain, tír a raibh teangacha Ceilteacha á labhairt go flúirseach ann. Anois níl aon teanga is mó cainteoirí ná í, a bhuíochas sin ar Mheiriceá, mórán. In éineacht leis na cainteoirí dúchais tá na milliúin ann a bhfuil sé acu mar an dara teanga, an tríú teanga nó an ceathrú teanga. Ní hionann sin is a rá go bhfuil sé acu go maith (is iomaí duine nach bhfuil aige ach leathmháistreacht ar an teanga), ach déanann sé cúis ar fud an domhain, go fiú san Áise. Nó dhéanadh. Tá sé á chur in iúl anois go bhfuil Béarla ag cúlú san Áise.

Níor cheart a rá go bhfuil deireadh ag teacht le Béarla sa réigiún. Is é príomhtheanga oifigiúil Shingapóir fós é, mar shampla, agus ní haon dóithín í an tír bheag sin. Ach i Hong Kong anois níl máistreacht ag an aos óg ar Bhéarla, agus sa Mhalaeisia tá na húdaráis idir dhá chomhairle faoi Bhéarla a mhúineadh sna scoileanna. Ní mór duit teanga na tíre a bheith agat chun gnó a dhéanamh sa tSín – é sin, nó teangaire iontaofa a bheith agat. Tá Béarla ag mórán Síneach, agus é ar fheabhas ag cuid acu, ach níl iontu ach roinnt an-bheag den daonra. Tá a rian sin ar na mic léinn a thagann chun na hAstráile – deacrachtaí móra teanga ag cuid acu (ar dtús, ar aon chuma) agus mórán acu gan an teanga ar a gcomhairle acu. Nuair a théann siad abhaile tá feabhas tagtha ar a gcuid Béarla, ach ní gá gur mór an áis dóibh thall é. Go fiú má chuireann dream ceannasach na hÁise de dhua orthu féin Béarla a fhoghlaim ní hé sin a úsáideann siad eatarthu féin. Shíl lucht gnó áirithe san Iarthar go mbeadh éileamh sa tSín ar chláir shiamsa agus nuachta a craoladh ar fud na tíre i mBéarla trí shailtilít. Bhí an t-éileamh ann, ach b'éigean Sínis a úsáid. Sean-nath anois é go bhfuil an tSín ag brú Mheiriceá i leataobh san Oirthear agus ag teacht i gcineál arís mar phríomhchumhacht an Oirthir. Más fíor é sin, ní hé an Béarla a bheidh thuas leis.

Is fada Béarla á mhúineadh i scoileanna na Seapáine, ach is beag Seapánach atá in ann é a labhairt. Ar léamh na teanga atá an múineadh dírithe, ach ba dhána an té a déarfadh go bhfuil ceannach mór ar leabhair Bhéarla dá bharr. Aitheantas éiginnte a thugann na Seapánaigh don Bhéarla, dá thábhacht é – rud atá ag cur go maith lena ndearcadh i leith earraí eile ón iasacht. Rinne siad a gcuid féin de theicneolaíocht an Iarthair agus d'fhág blas a gcultúir féin uirthi; áithnítear an Béarla mar áis ach ní dada thairis sin é, agus is furasta teacht gan é.

Is minic a deirtear gurb í an India daingean an Bhéarla sa réigiún, tuairim a fhaigheann tacaíocht ó shaothar údar ar nós Arundhati Roy. Ach is beag an chuid den daonra a bhfuil Béarla ar a dtailín acu (tá leath na ndaoine gan léamh gan scríobh i dteanga ar bith). Teanga é a shamhlófa leis an meánaicme go háirithe, aicme atá ag fás go mall agus a bhfuil an chuid is mó de shaibhreas agus de chumhacht na hIndia acu; ach is í an Hiondúis mórtéanga na tíre i gcónaí. Inti sin agus sna teangacha réigiúnacha a scríobhtar an chuid is mó d'iriseoireacht agus de litríocht na hIndia. Beidh a thábhacht féin leis an mBéarla ann go ceann i bhfad, mar sin féin, ó tá sé préamhaithe ann anois i measc na dteangacha dúchais.

Fágann sin an Astráil, tír atá lonnaithe ar bhéal na hÁise, stát daingean saibhir láidir atá mór le Meiriceá. Tagann mórán daoine ón tSín agus ó oirdheisceart na hÁise chun na tíre seo chun staidéar a dhéanamh nó chun cónaí ann, rud nach féidir a dhéanamh gan Bhéarla. An dtreisióinn sin an teanga sna tíortha máguaird? Treisióinn, gan amhras, ach níl aon lagú ag teacht ar theanga

an Dragain. A mhalairt ar fad, agus b'fhéidir go mbeadh orainne luí isteach i ndáiríre ar chaint na gcomharsan a thabhairt linn amach anseo. Tá an-ghlaoch ar Indinéisís agus ar Sheapáinis inár gcuid scoileanna, ach meathann teanga gan chleachtadh, agus is mór an áis fós é an Béarla i gcúrsaí taistil, taidhleoireachta agus gnó. Ní chromfaimid ar ár gcuid féin a dhéanamh de na teangacha eile úd nó go dtiocfaidh an crú ar an tairne – agus níor tháinig go fóill.

### **Mná an Oileáin**

*A glimpse of women's life as it used to be in the remote west of Ireland.*

I ngach stair bíonn na fir chun tosaigh, agus ní taise do stair na Gaeltachta é. Tugann Peig agus eile blas de leagan na mban dúinn, ar ndóigh, ach ó fhear a tháinig an cuntas is gonta ar a gcuid den saol. Seán Ó Criomhthain, mac le Tomás, a scríobh. Tugann sé léargas tíriúil ina chanúint féin ar obair na mban sa Bhlascaod Mór, agus ar an meas a bhí ag na fir orthu.

Dheineadh mná an Oileáin an-chuid oibre, cnoc agus trá agus curadóireacht. Nuair a thagadh rabharta mór an earraigh bhídís amuigh go dtí a n-imleacáin ag tarrac ribíní dubha isteach agus á gcur suas ar barr taoide. Ní mór go mbeadh an beart gearrtha i gceart ag an bhfear nuair a bheadh an bhean thar n-ais ag triall air, é caite ar a droim aici agus í bailithe léi isteach tríd an gcladach, trí charrraigeacha, trí uisce agus trí bholláin chloch. Ba chuma léi ach an fheamnach a bheith aici. Bhíodh na mná go léir ar an ngotha sin an fhaid is a sheasaíodh an rabharta, teacht abhaile nuair a chasadh sé ar líonadh agus imeacht arís lena hasal á tarrac ar an ngort, agus an fear ag cur na feamnaí ar bharr na haille chuici. Thugaidís trí lá mar sin an fhaid is a bhíodh an rabharta ann.

Bhí an galar céanna leis an móin acu. Na fir a bhaineadh í, ach sin uile a bhíodh acu le déanamh léi. Is iad na mná a dheineadh í a chur chun críche. Bhíodh cuid acu go diail ar an rann chun ithreach a rómhar agus chun claiseacha, agus má bheadh bean mhaith ag fear bheadh capal maith oibre aige. Bhíodh an-fhormad le fear a ráineadh a leithéid bualadh leis.

“Nach é a fuair í?” a deireadh fear acu leis an bhfear eile.

“Ó fuair, a bhuachaill. Ná raibh a fhios ag a athair cá raibh sé ag dul an lá a dhein sé an cleamhnas dó? Sliocht na mban mhaith, a bhuachaill.”

Olann agus líon agus snáithín feirste, tromán agus turann agus cniotáil agus fuáil. Olann a ní agus líon a bhogadh agus a ghealadh agus a scoitheadh, agus gach aon lá a thagadh sí amach as a leabaidh bhí a cuid oibre roimpi sínte, arsa an fear.

L. 52, *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, Cló Dhuibhne, Baile an Fheirtéaraigh, 1982.

### **Cáineadh, feannadh agus íde béil**

*The Irish language is rich in dispraise. Below, a list of words to be used (or avoided) with care.*

Tá cuid mhaith den ghóimh imithe as an nGaeilge atá anois ann. Bhí teanga an tseansaoil lán d'fhocail a thosódh bruíon nó a ghéaródh í. Ní focail iad a thagann go réidh chun an bhéil chun Gaeilgeora, agus is iomaí cainteoir dúchais a sheachnódh iad; ach tá siad ann mar chuid de shaibhreas sinseartha na teanga. Is minic a bhaineann an Ghaeilge feidhm as aon fhocal amháin chun tréithe an duine a léiriú nuair is gá cúpla focal a úsáid chuige i dteanga eile. Sin mar atá ag na focail a leanas. Níl iontu, dála an scéil, ach an chuid is lú den íde béil atá (nó a bhí) ar fáil.

Bromaire – farter; windbag

Buinneachán – despicable person (also a sickly-looking beast)

Cailleachán – mean, miserable creature

Carrachán – scabby or mangy creature

Ceolán – incessant talker  
Clamhaire – wretch  
Cluasánach – listless person; dullard

Magarlán – dolt

[Ón bhfocal ‘magairle’ a thagann sé seo, agus is minic na magairlí á lua le hóinsiúlacht; rudaí iad, is dócha, atá bunoscionn le hoibriú stuama na hintinne. Aisteach le rá, tá leagan baineann den fhocal seo ann: *magarlóg*.]

Mútálaí – fumbler

Placaire – gobbler

Pleota – stupid person

Práisceálaí – slovenly worker

Raispín – wretch; rascal

Rúisceachán – slovenly person

Sciodramán – worthless person

Sciotrachán – *as above*

Scradaí – lifeless, lazy person

Scrata – lazy, useless person

Sramaide – slimy, contemptible person

Streilleachán – silly-looking person



## Ó na nuachtáin Ghaeilge

*A summary of recent news.*

Is beag rud ab fhearr le Foras na Gaeilge ná méadú mór ar airgeadú, mar a fuair an Chomhairle Ealaíon sa tréimhse 1997-2002 – timpeall 53 milliún euró. Deirtear go bhfuil an Foras chun plépháipéar a chur faoi bhráid eagraíochtaí Gaeilge thuaidh agus theas. Idir an dá linn tá an tAire Gnóthaí Tuaithe, Pobail is Gaeltachta ag brath ar choiste comhairleach a bhunú le planáil teanga a dhéanamh – rud a bhfuil fuarbhlas air faoin am seo, cé go bhféadfadh toradh éigin a bheith ar an obair.



Tá dlús á chur leis an drámaíocht áitiúil sa Ghaeltacht le blianta beaga anuas, agus anois táthar ag éileamh go dtógfaí amharclann i sráidbhaile an Spidéil. Tá grúpa ann chuige - Aisteoirí an Spidéil – agus áit faighte acu, agus tá Údarás na Gaeltachta sásta comhairleoir gairmiúil a sholáthar. Iarradh cabhair ar an Údarás cheana, más fíor, ach níor tháinig toradh air. Tá na hAisteoirí ar na grúpaí drámaíochta is treise sa Ghaeltacht.



Scéal atá beo i gcónaí. Deirtear go nglacann an tAire Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Éamon Ó Cuív leis anois go bhféadfaí eastát tithíochta sa Ghaeltacht a bhacadh dá dtabharfaí cead planála dó gan é a chur faoi bhráid a Roinne féin agus Údarás na Gaeltachta. Is é is bun leis sin ná alt 28 (n) de na rialacháin phleanála a tháinig i bhfeidhm i Mí Márta 2002 – rialacháin nach dtugtar mórán airde orthu faoi láthair, mar a admhaíonn an tAire féin.



## Achainí

*An online petition to the UK Passport Agency to make available UK passports in Scottish Gaelic.*

Scéal is ea é a raibh cur síos air cheana ar *An Lúibín*. Beidh Breatnais féin ar phas na Ríochta Aontaithe sa bhliain 2005. Tá an suíomh thíos.

<http://www.petitiononline.com/yhc5UiP/petition.html>



**Peann agus pár**

*A writers' workshop in Dublin (information supplied by Pádraig mac Fhearghusa).*

Ceardlann Scríbhneoireachta af 6 Sráid Fhearchair, baile Átha Cliath 2, le cúnamh ó Fhoras na Gaeilge.

Sathairn 4 Nollaig 2004: 10.30am, 1.00pm, 2.30pm, 5.00pm.

Stiúrthóirí:

- Pádraig Ó Snodaigh, foilsitheoir, file, staraí
- Mícheál Ó Ruairc, file agus gearrscéalaí
- Pádraig Mac Fhearghusa, file agus eagarthóir Feasta

Táille cláraithe: 20 euró. Mic léinn: 5 euró. (Lón 1.00pm san áireamh sa táille.)

Uaslíon rannpháirtithe: dáréag.

Cóipeanna den saothar is mian leat a phlé – dá, gearrscéal, giota d'úrséal, dráma nó eile – go dtí 43 Na Cluainte, Trá Lí, Co. Chiarraí; nó seol ar aghaidh é go dtí Pádraig Ó Snodaigh, Tig Bhríde, 91 Bóthar Bhinn Éadair, páirc na bhFianna, Binn Éadair, Baile Átha Cliath 13. Tá na cóipeanna le dáileadh ar bhail na ceardlainne; coinnigh bunchóip duit féin.

Pádraig Mac Fhearghusa, eagraí: Éire (0)66 7124169; [feasta@eircom.net](mailto:feasta@eircom.net).



Colin Ryan

[colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au)